

TREOIRLÍNTE

TREOIRLÍNTE (AE) 2022/987 ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

an 2 Bealtaine 2022

Iena leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 maidir le cur chun feidhme chreat beartais airgeadaíochta an Eurochórais (BCE/2014/60) (BCE/2022/17)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(2), an chéad fhleasc, de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1, an chéad fhleasc, Airteagail 9.2, 12.1, 14.3 agus 18.2 agus Airteagal 20, an chéad mhír, de,

De bhrí an méid seo a leanas:

- (1) Chun beartas airgeadaíochta aonair a bhaint amach, ní mór na huirlisí, na hionstraimí agus na nósanna imeachta a bheidh le húsáid ag an Eurochóras a shainiú chun beartas den sórt sin a chur chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach ar fud na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.
- (2) Ba cheart Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) ⁽¹⁾ a leasú chun coigeartuithe teicniúla agus eagarthóireachta riachtanacha a bhaineann le gnéithe áirithe d'oibríochtaí beartais airgeadaíochta a ionchorprú.
- (3) Níl gá a thuilleadh le nósanna imeachta déthaobhacha a choinneáil d'idirbhearta margaidh airgid mar gur léir ón taití go bhfuil nósanna imeachta tairisceana éifeachtach agus go dtugann siad rochtain chomhionann do chontrapháirtithe incháilithe ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais.
- (4) Is gá coigeartuithe a dhéanamh ar na critéir cháilitheachta le haghaidh urrús de bhun sócmhainní (ABSanna) chun sócmhainní ginte sreafa airgid nach mbíonn dul ar iontaobh oibleagáideoirí i gceist leo a eisiáimh go sainráite, agus chun trédhearcacht cheanglais nochta an Eurochórais a bhaineann leis an bpróiseas measúnaithe incháilitheachta d'ABSanna a fheabhsú.
- (5) Is gá coigeartuithe áirithe a dhéanamh chun soiléireacht níos fearr a sholáthar, chun críocha incháilitheachta, maidir leis an gcaoi a gcaitear le héilimh chreidmheasa a bhfuil sreabhadh airgid reatha bainteach le cúpón diúltach acu.
- (6) I bhfianaise chinneadh an Eurochórais chun ceanglais tuairiscithe sonraí ar leibhéal na hiasachta a bhaineann le creat comhthaobhachta an Eurochórais a athrú i gcomhréir leis na ceanglais nochta a shonraítear i Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, is gá coigeartuithe ar cheanglais tuairiscithe sonraí ar leibhéal na hiasachta maidir le hionstraimí fiachais neamh-índíolta a bhfuil éilimh chreidmheasa incháilithe mar thaca leo.

⁽¹⁾ Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméadacht Ghinearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3).

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonracha maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

- (7) Is gá coigeartuithe áirithe a dhéanamh chun comhsheasmhacht chreat comhthaobhachta an Eurochórais le forálacha ábhartha Threoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, a áirithiú, tar éis na leasuithe a tugadh isteach sa Rialachán sin maidir le bannaí faoi chumhdach le Rialachán (AE) 2019/2160 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, a bhfuil feidhm acu ón 8 Iúil 2022.
- (8) Laghdaíodh líon na bhfoinsí measúnaithe creidmheasa a ghlacfaidh an tEurochóras mar chomhthaobhacht chun éilimh chreidmheasa a shlógadh ó cheithre cinn go trí cinn, tar éis deireadh a chur de réir a chéile le húsáid uirlisí rátála mar fhoinsí measúnaithe creidmheasa ón gcreat ginearálta. Ní mór na forálacha ábhartha a nuashonrú chun an t-athrú sin a léiriú.
- (9) Rinne an Chomhairle Rialaithe athbhreithniú cuimsitheach ar na bearta maolaithe comhthaobhachta sealadacha a glacadh ó 2020 i leith mar fhreagra ar na cúinsí eisceachtúla eacnamaíocha agus airgeadais a bhaineann le leathadh an ghalair choróinvírís (COVID-19). Áiríodh ar na bearta sin méadú ar an teorainn maidir le hionstraimí fiachais neamhurráithe arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa agus na heintitis a bhfuil dlúthnasc acu leo, lenar féidir le contrapháirtithe an Eurochórais a thíolacadh nó a úsáid mar chomhthaobhacht. Cuireadh san áireamh san athbhreithniú (a) gur cheart go mbeadh contrapháirtithe an Eurochórais atá rannpháirteach in oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithé fadtéarmacha a seoladh faoi Chinneadh (AE) 2019/1311 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2019/21) ⁽⁶⁾ in ann leanúint de chomhthaobhacht leordhóthanach a shlógadh le haghaidh na n-oibríochtaí sin; (b) an tionchar comhthaobhach ar chontrapháirtithe an Eurochórais a bhaineann le gach ceann de na bearta sin; (c) breithnithe riosca a bhaineann le gach ceann de na bearta sin; (d) breithnithe eile margaidh agus beartais. Sa chomhthéacs sin, chinn an Chomhairle Rialaithe an 23 Márta 2022, *inter alia*, an teorainn roimhe sin a athbhunú maidir leis na hionstraimí fiachais neamhurráithe thuasluaite chun neamhchosaint ar riosca comhchruinnithe a laghdú. Ní mór é sin a léiriú i bhforálacha ábhartha Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60).
- (10) Féadfaidh contrapháirtithe incháilithe a raibh rochtain teoranta acu ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta ar fhorais stuamachta nó tar éis teagmhais mainneachtana de bhun Airteagal 158 de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) leas a bhaint as an tsaoráid chreidmheasa imeallach tar éis iarratas uathoibríoch faoin nós imeachta um shíneadh creidmheasa atá leagtha amach in Iarscríbhinn IIIa ghabhann le Treoirlíne BCE/2012/27 ⁽⁷⁾. Is gá na smachtbhannaí is infheidhme a shonrú má sháraítear, agus sa mhéid a sháraítear, na teorainneacha sainithe mar thoradh ar leas a bhaint as an tsaoráid creidmheasa imeallach in imthosca den sórt sin.
- (11) Is gá soiléireacht níos fearr a sholáthar maidir leis an gcaoi a ndéileáiltear le rátaí tagartha úis le haghaidh sócmhainní indíolta agus neamh-indíolta chun críocha incháilitheachta.
- (12) I gcomhréir le Cinneadh na Comhairle Rialaithe an 17 Feabhra 2021, ní mór na critéir incháilitheachta comhthaobhachta a chuirtear i bhfeidhm ar bhannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht a shoiléiriú tuilleadh.
- (13) Tá gá le nuashonruithe ar na forálacha maidir le hincháilitheacht na gcóras socraíochta urrús agus naisc chun aghaidh a thabhairt go sainráite ar thaisclanna lárnacha urrús (TLUnna) atá bunaithe i mBallstáit a thagann isteach sa limistéar euro, agus chun léiriú a thabhairt ar an bhfíric nach raibh gá a thuilleadh le tagairtí don chreat measúnaithe úsáideoirí ábhartha nuair a tugadh chun críche an próiseas údaraithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾.

⁽³⁾ Treoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le heisiúint bannaí faoi chumhdach agus maoirseacht phoiblí ar bhannaí faoi chumhdach agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2014/59/AE (IO L 328, 18.12.2019, lch. 29).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2019/2160 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 575/2013 maidir le risíochtaí i bhforim bannaí faoi chumhdach (IO L 328, 18.12.2019, lch. 1).

⁽⁶⁾ Cinneadh (AE) 2019/1311 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Iúil 2019 maidir le tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithé fadtéarmacha (BCE/2019/21) (IO L 204, 2.8.2019, lch. 100).

⁽⁷⁾ Treoirlíne BCE/2012/27 an 5 Nollaig 2012 maidir le hUathchóras Mear-aistrithe Ollsocráíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET2) (IO L 30, 30.1.2013, lch. 1).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).

- (14) Níl gá a thuilleadh leis an gcreat comhthaobhachta eachtraí éigeandála a choinneáil i bhfianaise an ualaigh oibríocháin a bhaineann leis an gcreat a chothabháil, nár cuireadh an creat i ngníomh riamh, agus infhaighteacht theoranta dhóchúil na sócmhainní spriocdhírthe do chontrapháirtithe an Eurochórais i gcás gá.
- (15) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1745/2003 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2003/9) (*) maidir le cur i bhfeidhm na cúlchistí íosta a athmhúnlú agus a aisghairm le Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/1) ⁽¹⁰⁾. Is gá na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1) a léiriú sna forálacha a bhaineann le cúlchistí íosta i dTreoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60).
- (16) Is gá forálacha áirithe den Treoirlíne a thabhairt cothrom le dáta chun na hiarmhairtí ar chreat chur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta, agus ar chearta agus oibleagáidí na ngeallsealbhóirí, a léiriú, go háirithe maidir le hoibríochtaí margaidh oscailte, bainistíocht leachtachta, buansaoráidí, an réim smachtbhannaí, ceanglais chúlchistí íosta, agus luach saothair na gcuntas reatha, i gcás ina ndéantar an Réiteach Teagmhais Feabhsaithe (ECONS) a ghníomhachtú faoi chóras TARGET2, agus cur isteach fada ar TARGET2 a mhairfidh níos mó ná lá gnó amháin.
- (17) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

“(4) ciallaíonn ‘nós imeachta déthaobhach’ nós imeachta trína ndéanann na BCNanna nó, más iomchuí, BCE idirbhearta glan amach go díreach le contrapháirtí amháin nó níos mó, nó trí stocmhalartáin nó gníomhairí margaidh, gan nósanna imeachta tairisceana a úsáid”;

(b) cuirtear isteach an pointe 24-a seo a leanas:

“(24-a) ciallaíonn ‘creidmheas ECONS’ creidmheas a sholáthraítear laistigh den phróiseáil theagmhach dá dtagraítear i mír 6 d’Fhoscríbhinn IV a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann le Treoirlíne BCE/2012/27”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 31:

“(31) ciallaíonn ‘oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais’: (a) idirbhearta aisiompaithe chun leachtacht a sholáthar, i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais chun leachtacht a sholáthar seachas babhtálacha airgeadraí eachtracha chun críocha beartais airgeadaíochta agus ceannacháin glan amach; (b) creidmheas ionlae; agus (c) creidmheas ECONS”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 42:

“(42) ciallaíonn ‘féilire tásach d’oibríochtaí tairisceana rialta an Eurochórais’ féilire a d’ullmhaigh an tEurochóras, ina léirítear uainiú na tréimhse cothabhála cúlchiste, chomh maith le fógairt, cionroinnt agus aibíocht na bpríomhoibríochtaí athmhaoinithe agus oibríochtaí athmhaoinithe rialta níos fadtéarmaí”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 53:

“(53) tá an bhrí chéanna le ‘tréimhse cothabhála’ mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/1) (*);

(*) Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2021 maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le cúlchistí íosta (BCE/2021/1) (IO L 73, 3.3.2021, lch. 1).”;

(⁹) Rialachán (CE) Uimh. 1745/2003 ón mBanc Ceannais Eorpach an 12 Meán Fómhair 2003 maidir le cúlchistí íosta a chur i bhfeidhm (BCE/2003/9) (IO L 250, 2.10.2003, lch. 10).

(¹⁰) Rialachán (AE) 2021/378 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2021 maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le cúlchistí íosta (BCE/2021/1) (IO L 73, 3.3.2021, lch. 1).

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 68:

“(68) ciallaíonn ‘tíortha G10 neamh-LEE’ na tíortha atá rannpháirteach sa Ghrúpa de Dheich (G10) nach tíortha LEE iad, i.e. Ceanada, an tSeapáin, an Eilvéis, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe;”;

(g) cuirtear isteach an pointe 88-a seo a leanas:

“(88-a) ciallaíonn ‘grúpa eisitheora bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht’ grúpa gnóthas a oibríonn mar eintiteas eacnamaíoch aonair agus arb é atá ann eintiteas tuairiscithe chun críocha cuntais chomhdhlúite a thíolacadh, ina bhfuil an máthairghnóthas agus a fhochuideachtaí díreacha agus indíreacha go léir;”;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 88a:

“(88a) ciallaíonn ‘sprioc feidhmíochta inbhuanaitheachta’ (SPT) sprioc a leagtar síos i ndoiciméad eisiúna atá ar fáil go poiblí, lena dtomhaistear feabhsuithe cainníochtaithe i bpróifíl inbhuanaitheachta an eisitheora nó próifíl inbhuanaitheachta gnóthais amháin nó níos mó a bhaineann leis an ngrúpa eisitheora bannaí céanna atá nasctha le hinbhuanaitheacht thar thréimhse ama réamhshainithe agus tagairt á déanamh do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus/nó do cheann amháin nó níos mó de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe arna leagan síos ag na Náisiúin Aontaithe a bhaineann leis an athrú aeráide nó le díghrádú an chomhshaoil (**);

(*) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(**) Atá i ‘gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe’ a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015.”;

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Sonraítear na ceanglais maidir le cúlchistí íosta i Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 agus i Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1). Taispeántar gnéithe áirithe de na ceanglais maidir le cúlchistí íosta in Iarscríbhinn I chun críocha faisnéise.”;

(3) in Airteagal 4, leasaítear Tábla 1 mar a leanas:

(a) sa tsraith “Oibríochtaí mionchoigeartaithe” den chúigiú colún (“Nós imeachta”), scriostar na focail “Nósanna imeachta déthaobhacha” agus an fonóta;

(b) sa tsraith “Oibríochtaí struchtúracha” den chúigiú colún (“Nós imeachta”), cuirtear an fonóta seo a leanas (*) isteach tar éis na bhfocal “Nósanna imeachta déthaobhacha”:

“(*) Cuirtear nósanna imeachta maidir le hidirbhearta déthaobhacha iomlána in iúl nuair is gá.”;

(4) in Airteagal 8(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) déantar iad a fhorghníomhú de ghnáth trí nósanna imeachta gasta tairisceana, mura gcinnfidh an Eurochóras an oibríocht mhionchoigeartaithe shonrach a dhéanamh trí bhíthin nós imeachta tairisceana caighdeánach i bhfianaise cúinsí sonracha beartais airgeadaíochta nó d’fhonn freagairt do dhálaí an mhargaidh”;

(5) in Airteagal 10(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) idirbhearta a thagann faoin gcatagóir ina ndéantar oibríochtaí margaidh oscailte a fhorghníomhú trí bhíthin nósanna imeachta tairisceana caighdeánacha, seachas oibríochtaí mionchoigeartaithe, i gcás ina ndéantar iad trí nósanna imeachta tairisceana a fhorghníomhú;”;

(6) in Airteagal 11(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) déantar iad a fhorghníomhú trí nósanna imeachta gasta tairisceana, mura gcinnfidh an Eurochóras an oibríocht shonrach a fhorghníomhú trí bhíthin nós imeachta tairisceana caighdeánach i bhfianaise cúinsí sonracha beartais airgeadaíochta nó d’fhonn freagairt do dhálaí an mhargaidh”;

(7) in Airteagal 12(6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) déantar iad a fhorghníomhú trí bhíthin nósanna imeachta gasta tairisceana, mura gcinnfidh an Eurochóras an oibríocht shonrach a fhorghníomhú trí bhíthin nós imeachta tairisceana caighdeánach i bhfianaise cúinsí sonracha beartais airgeadaíochta nó d’fhonn freagairt do dhálaí an mhargaidh”;

(8) in Airteagal 14(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

“(d) déantar iad a fhorghníomhú ar bhealach dlíraithe ag na BCNanna, mura rud é go gcinneadh Comhairle Rialaithe BCE go ndéanfaidh BCE nó BCN amháin nó níos mó, ag gníomhú dó mar ghéag oibríocháin BCE, an oibríocht shonrach;”;

(9) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Cinnfidh Comhairle Rialaithe BCE na rátaí úis do na saoráidí seasmhacha ar bhonn rialta. Tiocfaidh na rátaí úis athbhreithnithe i bhfeidhm ó thús na tréimhse nua cothabhála cúlchistí, mar a shainmhínítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1). Foilsíonn BCE féilire de na tréimhsí cothabhála cúlchiste 3 mhí a a laghad roimh thús gach bliana féilire.”;

(10) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Ní dheonófar rochtain ar an tsaoráid iasachta imeallach ach amháin ar laethanta gnó TARGET2 cé is moite de na laethanta nach mbeidh TARGET2 ar fáil ag deireadh an lae mar gheall ar 'bhreiseadh fada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó' dá dtagraítear in Airteagal 187a. Ar laethanta nuair nach bhfuil na SSSanna ag feidhmiú, deonófar rochtain ar an tsaoráid iasachta imeallach ar bhonn sócmhainní incháilithe a bhí taiscthe cheana féin leis na BCNanna.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

“6. Ag deireadh gach lae gnó, measfar go huathoibríoch iarmhéid dhiúltach ar chuntas socraíochta contrapháirtí lena BCN baile tar éis na nósanna imeachta rialaithe deireadh lae a thabhairt chun críche mar iarraidh ar iontaoibh saoráide iasachta imeallaí ('iarraidh uathoibríoch'). D'fhonn an ceanglas in Airteagal 18(4) a chomhlíonadh, beidh a ndóthain sócmhainní incháilithe taiscthe roimh ré ag contrapháirtithe mar chomhthaobhacht don idirbheart leis an BCN baile sula dtiocfaidh iarraidh uathoibríoch den sórt sin chun cinn. Má mhainnítear an coinníoll rochtana seo a chomhlíonadh beidh sé faoi réir smachtbhannaí de réir Airteagail 154 go 157. Más é an toradh a bhíonn ar iarraidh uathoibríoch i gcás contrapháirtí a bhfuil a rochtain ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais teoranta de bhun Airteagal 158, ná go sáraíonn an contrapháirtí sin an teorainn shainithe, beidh smachtbhannaí i gcomhréir le hAirteagal 154 go hAirteagal 157 infheidhme maidir leis an méid faoina sháraítear an teorainn.”;

(11) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Féadfaidh institiúidí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta faoi Airteagal 55 agus a bhfuil rochtain acu ar chuntas leis an BCN inar féidir an t-idirbheart a shocrú, go háirithe i TARGET2, rochtain a fháil ar an tsaoráid taisce. Ní dheonófar rochtain ar an tsaoráid taisce ach amháin ar laethanta gnó TARGET2 cé is moite de na laethanta nach mbeidh TARGET2 ar fáil ag deireadh an lae mar gheall ar 'bhreiseadh fada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó' dá dtagraítear in Airteagal 187a.”;

(12) i gCuid a Dó, Teideal III., cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Chaibidil 1:

“Nósanna imeachta tairisceana d'oibríochtaí margaidh oscailte”;

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

“Airteagal 24

Cineálacha nósanna imeachta le haghaidh oibríochtaí margaidh oscailte

Déanfar oibríochtaí margaidh oscailte a fhorghníomhú trí nósanna imeachta tairisceana.”;

(14) i gCuid a Dó, scriostar Roinn 3, Caibidil 1, Teideal III, lena n-áirítear Airteagail 44 go 48;

(15) in Airteagal 50(2), i dTábla 8, cuirtear 'Dáta socraíochta le haghaidh oibríochtaí margaidh oscailte bunaithe ar nósanna imeachta gasta tairisceana nó nósanna imeachta déthaobhacha' in ionad na bhfocal “Dáta socraíochta le haghaidh oibríochtaí margaidh oscailte bunaithe ar nósanna imeachta gasta tairisceana”;

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 52:

“Airteagal 52

Socraíocht d’oibríochtaí margaidh oscailte arna bhforghníomhú trí bhíthin nósanna imeachta gasta tairisceana nó nósanna imeachta déthaobhacha

1. Déanfaidh an tEurochóras iarracht oibríochtaí margaidh oscailte arna bhforghníomhú trí nósanna imeachta gasta tairisceana agus nósanna imeachta déthaobhacha a shocrú ar an lá trádála. Féadfar dátaí socraíochta eile a chur i bhfeidhm, go háirithe maidir le hidirbhearta iomlána agus babhtálacha airgeadraí eachtracha.

2. Socrófar oibríochtaí mionchoigeartaithe agus oibríochtaí struchtúracha a dhéantar trí idirbhearta glan amach agus a fhorghníomhaítear trí nósanna imeachta déthaobhacha ar bhealach dlíraithe trí na BCNanna.”;

(17) in Airteagal 54, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

“1. De bhun Airteagal 3(1)(b) de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1), féadfar cuntais socraíochta contrapháirtí le BCN a úsáid mar chuntas cúlchiste. Féadfar séalúchais chúlchistí ar chuntais socraíochta a úsáid chun críocha socraíochta idirlae. Ríomhfar séalúchais chúlchistí laethúla an chontrapháirtí mar suim na n-iarmhéidí ar a chuntais chúlchiste ag deireadh an lae. Chun críocha an Airteagail seo, beidh le ‘cuntais chúlchiste’ an bhrí chéanna atá leis i Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1).

2. Déanfar sealúchais chúlchiste a chomhlíonann ceanglais chúlchistí íosta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 agus Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/378), a íoc i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1).”;

(18) in Airteagal 55, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) beidh siad faoi réir an chórais maidir le cúlchistí íosta de chuid an Eurochórais de bhun Airteagal 19.1 de Reacht CEBC agus ní bheidh díolúine óna n-oibleagáidí faoin córas maidir le cúlchistí íosta de chuid an Eurochórais de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 agus Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1) tugtha dóibh;”;

(19) in Airteagal 55a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Ní bheidh eintiteas foirceanta incháilithe rochtain a fháil ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais.”;

(20) leasaítear Airteagal 57 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

“Roghnú contrapháirtithe le haghaidh rochtana ar oibríochtaí margaidh oscailte arna bhforghníomhú trí bhíthin nósanna imeachta gasta tairisceana”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 3:

“1. Maidir le hoibríochtaí margaidh oscailte arna bhforghníomhú trí bhíthin nósanna imeachta gasta tairisceana, roghnófar contrapháirtithe de réir mhír 2 agus mhír 3.

2. Beidh feidhm ag na critéir incháilitheachta a leagtar síos i mír 3(b) maidir le hoibríochtaí struchtúracha a dhéantar trí idirbhearta glan amach a fhorghníomhnaítear trí bhíthin nósanna imeachta gasta tairisceana.

3. Maidir le hoibríochtaí mionchoigeartaithe a fhorghníomhnaítear trí bhíthin nósanna imeachta gasta tairisceana, roghnófar contrapháirtithe mar seo a leanas:

(a) Maidir le hoibríochtaí mionchoigeartaithe a dhéantar trí bhabhtálacha airgeadraí eachtracha chun críocha beartais airgeadaíochta agus a fhorghníomhnaítear trí bhíthin nósanna imeachta gasta tairisceana, beidh raon na gcontrapháirtithe comhionann leis an raon eintiteas a bheidh roghnaithe le haghaidh oibríochtaí idirghabhála airgeadraí eachtracha an Eurochórais agus atá bunaithe sna Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu. Ní gá do chontrapháirtithe le haghaidh babhtálacha airgeadraí eachtracha chun críocha beartais airgeadaíochta trí bhíthin nósanna imeachta gasta tairisceana na critéir atá leagtha síos in Airteagal 55 a chomhlíonadh. Tá na critéir roghnúcháin do chontrapháirtithe atá rannpháirteach in oibríochtaí idirghabhála airgeadraí eachtracha an Eurochórais bunaithe ar phrionsabail na stuamachta agus na héifeachtúlachta, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn V. Féadfaidh na BCNanna córais atá bunaithe ar theorainneacha a chur i bhfeidhm d’fhonn neamhchosaintí creidmheasa a rialú maidir le contrapháirtithe aonair a ghlacann páirt i mbabhtálacha airgeadraí eachtracha chun críocha beartais airgeadaíochta.

(b) Maidir le hoibríochtaí mionchoigeartaithe a dhéantar trí idirbhearta aisiompaithe nó trí thaiscí ar théarma seasta a bhailiú agus a fhorghníomhaítear trí nósanna imeachta gasta tairisceana, roghnóidh gach BCN, le haghaidh idirbheart ar leith, tacar contrapháirtithe as na hinstitiúidí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 55 agus atá bunaithe ina Bhallstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige. Beidh an roghnúchán bunaithe go príomha ar ghníomhaíocht na hinstitiúide ábhartha sa mhargadh airgid. Féadfaidh an BCN critéir roghnúcháin bhreise a chur i bhfeidhm, amháil éifeachtúlacht an deasc trádála agus an acmhainn tairisceana.”;

(c) scriostar mír 4;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Gan dochar do mhíreanna 1 go 3, féadfar oibríochtaí margaidh oscailte a dhéantar trí bhíthin nósanna imeachta gasta tairisceana a sheoladh freisin le raon níos leithne contrapháirtithe ná iad siúd a léirítear i míreanna 2 go 3, má chinneann Comhairle Rialaithe BCE amhlaidh.”;

(21) leasaítear Airteagal 63 mar a leanas:

(a) i mír 1b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) níl sa ráta tagartha ach ceann amháin díobh seo a leanas ag pointe ama amháin:

- ráta margaidh airgid euro arna sholáthar ag banc ceannais nó ag riarthóir atá lonnaithe san Aontas agus a áirítear sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), e.g. an ráta gearrthéarmach euro (€STR) (lena n-áirítear €STR laethúil iolraithe nó meánaithe), Euribor, nó innéacsanna comhchosúla; maidir leis an gcéad chúpón nó/agus an gcúpón deireanach, is féidir leis an ráta tagartha a bheith ina idirshuíomh líneach idir dhá éirim den ráta céanna margaidh airgid euro, e.g. idirshuíomh líneach idir dhá éirim éagsúla de chuid Euribor,
- ráta seasmhach babhtála aibíochta, e.g. CMS, EIISDA, EUSA,
- toradh banna rialtais amháin de chuid an limistéar euro nó toradh innéacs roinnt bannaí rialtais de chuid an limistéir euro lena ngabhann aibíocht bliana nó níos lú,
- innéacs boilscithe de chuid an limistéir euro;

(*) Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1).”;

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) cúpóin ilchéime nó chomhlúthacha lena ngabhann céimeanna atá nasctha le SPTanna, ar choinníoll go bhfuil comhlíonadh SPTanna ag an eisitheoir nó ag aon ghnóthas a bhaineann leis an ngrúpa eisitheora bannaí céanna atá nasctha le hinbhuanaitheacht faoi réir fíoraithe ó thrú páirtí neamhspleách i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha na hionstraime fiachais.”;

(22) cuirtear an mhír 6 seo a leanas le hAirteagal 73:

“6. Ní mór leas iomlán a bheith ag na sócmhainní ginte airgid i gcoinne na n-oibleagáideoirí.”;

(23) cuirtear isteach an tAirteagal 79a seo a leanas:

“Airteagal 79a

Measúnú faisnéise i ndáil le hincháilitheacht urrús de bhun sócmhainní

Féadfaidh an tEurochóras a chinneadh gan glacadh le ABSanna lena n-úsáid mar chomhthaobhacht in oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais ar bhonn a mheasúnaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil. Ina mheasúnú, cuirfidh an tEurochóras san áireamh an meastar an fhaisnéis a tíolacadh a bheith soiléir, comhsheasmhach agus cuimsitheach a dhóthain chun comhlíonadh gach ceann de na critéir incháilitheachta is infheidhme maidir le ABSanna, go háirithe maidir le cibé acu an bhfuarthas na sócmhainní ginte sreafa airgid ar mhodh a mheasann an tEurochóras a bheith ina ‘fhíordhíol’ mar a leagtar síos in Airteagal 75(2).”;

(24) leasaítear Airteagal 80 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

“Bannaí faoi chumhdach leagáide atá cumhdaithe ag urrúis de bhun sócmhainní”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 5:

“1. Gan dochar d’incháilitheacht bannaí faoi chumhdach reachtaíochta de bhun Airteagal 64a, féadfaidh bannaí faoi chumhdach reachtach de chuid LEE ar osclaíodh ISIN ina leith roimh an 8 Iúil 2022 agus nach bhfuil faoi réir Threoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) (‘bannaí faoi chumhdach leagáide’), bheith bunaithe ar ABSanna ar choinníoll nach bhfuil i gcomhthiomsú cumhdaigh bhannaí den sórt sin (chun críocha mhíreanna 1 go 4, ‘an comhthiomsú cumhdaigh’) ach ABSanna a chloíonn leis an méid seo a leanas:

(a) Comhlíonann na sócmhainní ginte sreafa airgid lena gcumhdaítear na ABSanna na critéir a leagtar síos in Airteagal 129(1)(d) go (f) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 tráth a osclaíodh an ISIN.

(b) Is eintiteas a bhfuil dlúthnasc aige leis an eisitheoir, mar a thuairiscítear in Airteagal 138, a thionscain na sócmhainní ginte sreafa airgid.

(c) Úsáidtear iad mar uirlis theicniúil chun morgáistí nó iasachtaí ráthaithe réadmhaoine a aistriú ón eintiteas tionscnaimh go dtí an comhthiomsú cumhdaigh.

2. Faoi réir mhír 4, úsáidfidh na BCNanna na bearta seo a leanas chun a fhíorú nach bhfuil ABSanna nach gcomhlíonann mír 1 sa chomhthiomsú cumhdaigh.

(a) Ar bhonn ráithiúil, iarrfaidh BCNanna féindeimhniúchán agus gealltanais ón eisitheoir á dheimhniú nach bhfuil ABSanna nach gclóíonn le mír 1 ar áireamh sa chomhthiomsú cumhdaigh. Sonrófar in iarratas an BCN nach mór don féin-dheimhniú a bheith sínithe ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) an eisitheora, ag an bPríomhoifigeach Airgeadais (CFO) nó ag bainisteoir de shinsearachta chomhchosúil, nó ag sínitheoir údaráithe thar a gceann.

(b) Ar bhonn bliantúil, iarrfaidh BCNanna deimhniú ex post ó iniúchóirí seachtracha nó ó mhonatóirí ar chomhthiomsú cumhdaigh ón eisitheoir, ina ndeimhneofar nach bhfuil ABSanna nach gclóíonn le mír 1 don tréimhse faireacháin ar áireamh sa chomhthiomsú cumhdaigh.

3. Má mhainníonn an t-eisitheoir iarraidh ar leith a chomhlíonadh nó má mheasann an tEurochóras go bhfuil an t-inneachar atá i ndeimhniú mícheart nó neamhleor sa mhéid nach féidir a fhíorú go gclóíonn an chomhthiomsú cumhdaigh na critéir i mír 1, cinnfidh an tEurochóras gan glacadh leis na bannaí faoi chumhdach reachtaíochta de chuid LEE dá dtagraítear i mír 1 mar chomhthaobhacht incháilithe nó a n-incháilitheacht a chur ar fionraí.

4. I gcás ina n-eisiatar leis an reachtaíocht nó an réamheolaire is infheidhme ABSanna nach gclóíonn le mír 1 a chur san áireamh mar shócmhainní comhthiomsaithe cumhdaigh, ní cheanglófar aon fhíorú de bhun mhír 2.

5. Chun críocha mhír 1(b), cinnfear na dlúthnaisc tráth a n-aistrefar aonaid shinsearachta de chuid na ABSanna isteach i gcomhthiomsú cumhdaigh an bhannaí faoi chumhdach reachtaíochta de chuid LEE dá dtagraítear i mír 1.

(*) Treoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le heisiúint bannaí faoi chumhdach agus maoirseacht phoiblí ar bhannaí faoi chumhdach agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2014/59/AE (IO L 328, 18.12.2019, lch. 29).”;

(25) leasaítear Airteagal 90 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

“Príomhmhéid, cúpón agus gnéithe eile d’éilimh chreidmheasa incháilithe”;

(b) tar éis an leathstad i bpointe (a), scriostar an focal “agus”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) tá ráta úis acu a bheidh ar cheann de na rátaí seo a leanas:

(i) ‘cúpón nialasach’;

(ii) seasta;

(iii) comhlúthach, i.e. nasctha le ráta úis tagartha agus leis an struchtúr seo a leanas: ráta cúpón = ráta tagartha $\pm x$, le $f \leq \text{ráta cúpón} \leq c$, más rud é:

— nach bhfuil sa ráta tagartha ach ceann amháin díobh seo a leanas ag pointe amháin ama:

— ráta margaidh airgid euro arna sholáthar ag banc ceannais nó ag riarthóir atá lonnaithe san Aontas agus a áirítear sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2016/1011, e.g. €STR (lena n-áirítear €STR laethúil iolraithe nó meánach), Euribor, nó innéacsanna comhchosúla; –

— ráta babhtála aibíochta seasmhach, e.g. CMS, EISDA, EUSA,

— toradh de cheann amháin nó innéacs de roinnt bannaí rialtais an limistéir euro;

— is uimhreacha iad f (bonn) agus c (uasteorainn), má tá siad ann, atá réamhshainithe ag an mbunús nó a d’fhéadfadh athrú thar shaolré an éilimh chreidmheasa; féadfar iad a thabhairt isteach freisin tar éis an t-éileamh creidmheasa a thionscnamh;

— x (corrach);”;

(d) cuirtear isteach an pointe seo a leanas (ba):

“(ba) féadfaidh a struchtúr cúpóin (is cuma cé acu le haghaidh éilimh chreidmheasa ar ráta úis seasta nó ar ráta úis comhlúthach é), corrach atá réamhshainithe ag an tionscnamh nó a d’fhéadfadh athrú thar shaolré an éilimh chreidmheasa a bheith iontu. I gcás athrú corrlaigh, beidh an measúnú incháilitheachta ar an struchtúr cúpóin bunaithe ar shaolré fágtha an éilimh chreidmheasa; agus”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) ní bhíonn sreabhadh airgid diúltach mar thoradh cúpón reatha nó ní laghdófar íocaíocht na príomhshuime dá bharr. Más rud é sa tréimhse fabhráithe reatha go mbíonn sreabhadh airgid diúltach a bhaineann le cúpón mar thoradh ar an struchtúr cúpóin, beidh an t-éileamh chreidmheasa neamh-incháilithe ón nóiméad a athshocraítear an cúpón. Féadfaidh sé a bheith incháilithe arís ag tús tréimhse fabhráithe nua nuair a iompóidh an sreabhadh airgid bainteach le cúpón agus a cuireadh i bhfeidhm ar an bhféichiúnaí neamhdhiúltach, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na ceanglais ábhartha eile go léir.”;

(26) in Airteagal 107a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Beidh príomhshuim seasta, neamhchoinníollach agus struchtúr cúpón ag DECCanna a chomhlíonann na critéir atá leagtha amach in Airteagal 63. Ní bheidh sa chomhthiomsú cumhdaigh ach amháin éilimh chreidmheasa a bhfuil teimpléad sonrath tuairiscithe sonraí ar leibhéal iasachta DECC de chuid BCE ar fáil ina leith.”;

(27) in Airteagal 110, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Roghnóidh contrapháirtithe a shlógann éilimh chreidmheasa mar chomhthaobhacht córas measúnaithe creidmheasa amháin as ceann de na trí fhoinsé measúnaithe creidmheasa a nglacann an Eurochóras leo de réir na gcritéir ginearálta inghlacachta i gCuid a Ceathair, Teideal V. Sa chás go roghnaíonn na contrapháirtithe foinsé ECAI, féadfar aon chóras ECAI a úsáid.”;

(28) in Airteagal 112a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

“1. Ní cheanglófar ar DECCanna a bheith measúnaithe ag ceann de na ceithre fhoinsé measúnaithe creidmheasa a nglacann an tEurochóras leo de réir na gcritéir ginearálta inghlacachta i gCuid a Ceathair, Teideal V.

2. Beidh ag gach éileamh creidmheasa bunúsach sa chomhthiomsú cumhdaigh DECCanna measúnú creidmheasa arna sholáthar ag ceann de na trí fhoinsé measúnaithe creidmheasa a nglacann an tEurochóras leo de réir na gcritéir ginearálta glactha i gCuid a Ceathair, Teideal V. Ina theannta sin, is é an córas nó an foinsé measúnaithe creidmheasa a úsáidfead ná an córas nó an foinsé chéanna a roghnóidh an tionscnóir de réir Airteagal 110. Beidh feidhm ag na rialacha maidir le ceanglais cháilíochta creidmheasa an Eurochórais maidir leis na héilimh creidmheasa bhunúsacha atá leagtha síos in Roinn 1.”;

(29) scriostar Teideal VII agus Airteagal 137;

(30) leasaítear Airteagal 138 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na bhfocal reamhráiteach de phointe (b):

“Bannaí faoi chumhdach reachtaíocht LEE, cé is moite de struchtúir bannaí faoi chumhdach arna gcomhthiomsú inghrúpa arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir (AE) 2019/2162.”;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(i) má eisítear é an 7 Iúil 2022 nó roimhe sin, a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 129(1) go (3) agus (6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bhfuil feidhm acu ar an dáta eisiúna agus atá ar áireamh ar liosta na sócmhainní indíolta incháilithe a foilsíodh ar shuíomh gréasáin BCE amháil an 7 Iúil 2022; nó, má eisítear é an 8 Iúil 2022 nó dá éis, a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 129(1) go (3b) agus Airteagal 129(6) agus (7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bhfuil feidhm acu ar an dáta eisiúna.”;

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“Más gá comhlíonadh mhír 3(b)(i) nó (ii) a fhíorú, is é sin, i ndáil le bannaí faoi chumhdach reachtaíocht an LEE, i gcás nach n-eisiatar leis an reachtaíocht nó leis an réamheolaire is infheidhme (i) bannaí faoi chumhdach arna gcomhthiomsú inghrúpa arna n-eisiúint i gcomhréir leis na bearta náisiúnta ábhartha lena dtrasúitear Airteagal 8 de Threoir (AE) 2019/2162 nó (ii) ionstraimí fiachais dá dtagraítear i mír 3(b)(ii) mar shócmhainní comhthiomsaithe cumhdaigh, faoi seach, i gcás inar eisigh an contrapháirtí nó eintiteas a bhfuil dlúthbhaint aige leis an gcontrapháirtí na hionstraimí fiachais sin, féadfaidh BCNanna na bearta seo a leanas go léir nó cuid acu a dhéanamh chun seiceálacha ad hoc a dhéanamh ar chomhlíonadh mhír 3(b)(i) nó (ii).”;

(d) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) agus phointe (c):

“(b) Mura leor an fhaisnéis chun críocha fíoraithe a thugtar i dtuarascálacha faireachais, féadfaidh BCNanna féindeimhniúchán agus gealltanais a fháil ón gcontrapháirtí atá ag slógadh banna faoi chumhdach reachtaíocht LEE lena ndaingneoidh an contrapháirtí nach bhfuil banna faoi chumhdach reachtaíocht LEE ina chuid de struchtúr bannaí faoi chumhdach arna gcomhthiomsú inghrúpa arna eisiúint i gcomhréir leis na bearta náisiúnta ábhartha lena dtrasúitear Airteagal 8 de Threoir (AE) 2019/2162, de shárú ar mhír 3(b)(i), agus nach n-áirítear sa chomhthiomsú cumhdaigh de bhannaí faoi chumhdach reachtaíocht LEE, de shárú ar mhír 3(b)(ii), bannaí bainc neamhurráithe arna n-eisiúint ag an gcontrapháirtí sin nó ag aon eintiteas eile a bhfuil dlúthbhaint aige leis an gcontrapháirtí sin, agus arna ráthú go hiomlán ag eintiteas poiblí amháin nó ag roinnt eintitis phoiblí de chuid LEE a bhfuil sé de cheart acu cánacha a thobhach. Ní mór do POF an chontrapháirtí, CFO nó bainisteoir sinsearachta comhchosúla, nó sínitheoir údaraithe thar a cheann, féin-dheimhniú an chontrapháirtí a shíniú.

(c) Ar bhonn bliantúil, féadfaidh BCNanna dearbhú ex post ó iniúcháirí seachtracha nó ó mhonatóirí comhthiomsaithe cumhdaigh a fháil ón gcontrapháirtí atá ag slógadh banna faoi chumhdach reachtaíocht LEE nach bhfuil an banna sin ina chuid de struchtúr bannaí faoi chumhdach arna gcomhthiomsú in inghrúpa arna eisiúint i gcomhréir leis na bearta náisiúnta ábhartha lena dtrasúitear Airteagal 8 de Threoir (AE) 2019/2162, de shárú ar mhír 3(b)(i), agus nach n-áirítear i gcomhthiomsú cumhdaigh de bhannaí faoi chumhdach reachtaíocht LEE, de shárú ar mhír 3(b)(ii), bannaí bainc neamhurráithe arna n-eisiúint ag an gcontrapháirtí sin nó ag aon eintiteas eile a bhfuil dlúthbhaint aige leis an gcontrapháirtí sin, agus arna ráthú go hiomlán ag eintiteas amháin nó roinnt eintitis earnála phoiblí de chuid LEE a bhfuil sé de cheart acu cánacha a thobhach.”;

(31) leasaítear Airteagal 141 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an luach céatadán “2,5 %” in ionad an luacha céatadán “10 %”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Má bhunaítear dlúthnasc nó má dhéantar cumasc idir dhá eistheoir ionstraim fiachais neamhurráithe nó níos mó, beidh feidhm ag an tairseach i mír 1 ó 3 mhí tar éis an dáta a bhunófar an dlúthnasc nó a thiocfaidh an cumasc i bhfeidhm.”;

(32) in Airteagal 153, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Forchuirfidh BCE smachtbhannaí de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2532/98, Rialachán (CE) Uimh. 2157/1999 (BCE/1999/4), Rialachán (CE) Uimh. 2531/98, Rialachán (AE) 2021/378 (CEB/2021/1) agus Cinneadh (AE) 2021/1815 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/45) (*) ar institiúidí nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a eascraíonn as rialacháin agus cinntí BCE a bhaineann le cur i bhfeidhm cúlchistí íosta. Sonraítear na smachtbhannaí ábhartha agus na rialacha nós imeachta ábhartha maidir lena gcur i bhfeidhm sna hionstraimí dlí sin.

(*) Cinneadh (AE) 2021/1815 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm chun smachtbhannaí a ríomh i leith neamhchomhlíonadh an cheanglais maidir le híoscúlchistí a shealbhú agus na ceanglais ghaolmhara maidir le cúlchistí íosta (ECB/2021/45) (IO L 367, 15.10.2021, lch. 4).”;

(33) in Airteagal 154(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

“(d) maidir le nósanna imeachta deireadh lae agus coinníollacha rochtana ar an tsaoráid iasachta imeallach, i gcásanna ina bhfuil aon iarmhéid diúltach fágtha ar chuntas socraíochta contrapháirtí i TARGET2 tar éis na nósanna imeachta rialaithe deireadh lae a thabhairt chun críche agus meastar, dá bhrí sin, go n-eascraíonn iarraidh uathoibríoch ar leas a bhaint as an tsaoráid iasachta imeallach, mar a leagtar síos in Airteagal 19(6), an oibleagáid sócmhainní incháilithe leordhóthanacha a thíolacadh mar chomhthaobhacht roimh ré nó, i gcás contrapháirtí a bhfuil a rochtain ar oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais teoranta de bhun Airteagal 158, an oibleagáid a dhul ar iontaoibh oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais a choinneáil laistigh den teorainn shainithe.”;

(34) cuirtear an mír 2a seo a leanas le hAirteagal 155:

“2a. I gcás ina mbeidh méid níos lú ná EUR 500 mar thoradh ar phionós airgeadais a ríomh i gcomhréir le hlarscríbhinn VII, tar éis laghdú de 50 % dá bhforáiltear i mír 2 a chur i bhfeidhm, déanfar an pionós airgeadais íosta EUR 500 a fhorchur.”;

(35) cuirtear an CHUID A SEACHT A nua seo a leanas, ina bhfuil Airteagail 187a go 187d, isteach i ndiaidh Airteagal 187:

“CUID A SEACHT A

FORÁLACHA SPEISIALTA I gCÁS CUR ISTEACH AR TARGET2 THAR ROINNT LAETHANTA GNÓ

Airteagal 187a

Cur isteach fada ar TARGET2 thar roinnt laethanta gnó

1. Féadfaidh BCE a dhearbhu gur ‘cur isteach fada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó’ é briseadh chóras TARGET2 a chuireann isteach ar ghnáthphróiseáil íocaíochtaí:

(a) má dhéantar an réiteach teagmhais dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (86), de Threoirlíne BCE/2012/27 a ghníomhachtú mar thoradh ar an tsuaitheadh; agus

(b) má mhaireann an briseadh nó má tá súil ag BCE go mairfidh an briseadh níos mó ná lá gnó amháin.

Féadfar moill a chur ar oibríochtaí rialta beartais airgeadaíochta nó iad a chur ar ceal nuair a ghníomhachtófar an réiteach teagmhasachta dá dtagraítear i bpointe (a).

2. Cuirfear an dearbhú dá dtagraítear i mír 1 in iúl trí shuíomh gréasáin BCE. Mar chuid de dhearbhu den sórt sin, nó dá éis, cuirfidh BCE in iúl iarmhairtí an bhriste ar oibríochtaí agus ar ionstraimí sonracha beartais airgeadaíochta.

3. Tar éis dearbhú arna dhéanamh de bhun an Airteagail seo, féadfaidh feidhm a bheith ag bearta speisialta agus forálacha speisialta a bhaineann le hoibríochtaí agus ionstraimí beartais airgeadaíochta áirithe, mar a shonraítear sa Treoirlíne seo agus go háirithe in Airteagal 187b, Airteagal 187c, agus Airteagal 187d.

4. A luaithe a réiteofar briseadh chóras TARGET2, eiseoidh BCE teachtaireacht trí shuíomh gréasáin BCE á rá nach bhfuil na bearta speisialta agus na forálacha speisialta a glacadh mar gheall ar bhriseadh fada TARGET2 sin thar roinnt laethanta gnó infheidhme a thuilleadh.

Airteagal 187b

Oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais a phróiseáil i gcás briseadh fada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó

I gcás ina ndearbhaítear briseadh fada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó de bhun Airteagal 187a, féadfaidh feidhm a bheith ag na forálacha seo a leanas maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais a phróiseáil.

- (a) Ní dhéanfar socrú oibríochtaí margaidh oscailte in euro, mar a leagtar amach i dTeideal III de Chaibidil 2 den Treoirlíne seo, a phróiseáil tríd an réiteach teagmhais mar a shainítear in Airteagal 2, pointe (86), de Threoirlíne BCE/2012/27. Mar thoradh air sin, féadfar socrú na n-oibríochtaí sin a mhoilliú go dtí go n-atosóidh gnáthoibríochtaí TARGET2.
- (b) Déanfar íocaíochtaí úis na n-oibríochtaí sin a ríomh (i) amhail is nár tharla aon mhoill le socrú na n-oibríochtaí nó (ii) de réir na ré iarbhrí, cibé toradh a bheidh ar ús iníoctha níos ísle nó ar ús infhaighte níos airde don chontrapháirtí.
- (c) Le linn na híocaíochta úis a ríomh a ríomhfar i gcomhréir le pointe (b), déanfaidh an tEurochóras aon luach saothair breise ar iarmhéid an chuntais reatha a bhfuil an contrapháirtí i dteideal a fháil, nó a bhfuil sé faoi oibleagáid a íoc i gcás rátaí diúltacha, a fhritháireamh mar thoradh ar an tsocraíocht mhoillithe.
- (d) Déanfar an t-ús a íoc nó a fháil nuair a eiseoidh BCE an teachtaireacht dá dtagraítear in Airteagal 187a(4).

Airteagal 187c

Rochtain ar an tsaoráid iasachta imeallach i gcás cur isteach fada ar TARGET2 thar roinnt laethanta gnó

I gcás ina ndearbhaítear cur isteach fada ar TARGET2 thar roinnt laethanta gnó de bhun Airteagal 187a, féadfaidh feidhm a bheith ag na forálacha seo a leanas maidir le rochtain ar an tsaoráid iasachta imeallach.

- (a) D'ainneoin Airteagal 19(6), déileálfar le hiarmhéid diúltach ar chuntas socraíochta contrapháirtí lena NCB baile ag deireadh an lae mar leachtacht ionlae agus tabharfar luach saothair dó ag ráta úis nialas.
- (b) Cuirfear ráta úis nialas i bhfeidhm ar aon chreidmheas atá gan íoc sa tsaoráid iasachta imeallach mar a leagtar amach in Airteagal 20 arna dheonú an lá roimh an réiteach teagmhais a ghníomhachtú. Cuirfear an ráta úis sin i bhfeidhm ar feadh thréimhse an bhriste. Maidir le haon chreidmheas a dheonaítear faoin tsaoráid iasachta imeallach agus a shocrófar i bhfíor-am ar lá an bhriste ach roimh dhearbhu an bhriste fhada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó, déileálfar leis mar chreidmheas a dheonaítear ar an lá gnó a réitítear an briseadh fada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó. Ní bheidh ús is iníoctha ar aon chreidmheas a gheofar faoin tsaoráid iasachta imeallach, mar aon le haisíocaíocht an chreidmheasa ón tsaoráid iasachta imeallach, iníoctha go dtí go ndíghníomhófar an réiteach teagmhais agus go mbeidh teachtaireacht eisithe ag BCE de bhun Airteagal 187a(4). Eiseoidh ríomh na híocaíochta ráta úis an lá/na laethanta gnó ar tharla an briseadh fada TARGET2 lena linn.

Airteagal 187d

Gan smachtbhannaí a fhorchur i gcás briseadh fada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó

Ní fhorchuirfear aon smachtbhanna ar chontrapháirtí de bhun Airteagal 154 má dhearbhaítear briseadh fada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó de bhun Airteagal 187a a dhéanann difear do chumas an chontrapháirtí sin a oibleagáidí faoin Treoirlíne seo a chomhlíonadh.”;

- (36) cuirtear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoirlíne seo in ionad Iarscríbhinn I;
- (37) leasaítear Iarscríbhinn VIa agus Iarscríbhinn VII i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoirlíne seo;

*Airteagal 2***Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme**

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a thabharfar fógra do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.
2. Glacfaidh bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu na bearta is gá chun an Treoirlíne sin a chomhlíonadh agus chun iad a chur i bhfeidhm ón 8 Iúil 2022. Cuirfidh siad na téacsanna agus na meáin a bhaineann leis na bearta sin in iúl don Bhanc Ceannais Eorpach faoin 20 Bealtaine 2022 ar a dhéanaí.

*Airteagal 3***Seolaithe**

Dírítear an Treoirlíne seo ar gach banc ceannais Eurochórais.

Arna déanamh in Frankfurt am Main, 2 Bealtaine 2022.

Do Chomhairle Rialaithe an BCE
Uachtarán an BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN I

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60):

“IARSCRÍBHINN I

CÚLCHISTÍ ÍOSTA

Is chun críocha faisnéise amháin atá ábhar na hIarscríbhinne seo. I gcás coimhlinte idir an Iarscríbhinn seo agus an creat dlíthiúil do chóras cúlchiste íosta an Eurochórais mar a thuairiscítear i mír 1, beidh an dara ceann i réim.

1. De bhun Airteagal 19 de Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (‘Reacht CEBC’ anseo feasta), éilíonn an Banc Ceannais Eorpach (BCE) ar institiúidí creidmheasa cúlchistí íosta a choinneáil ar chuntais le bainc cheannais náisiúnta (BCNanna) faoi chuimsiú chóras cúlchiste íosta an Eurochórais. Tá an creat dlíthiúil don chóras seo leagtha síos in Airteagal 19 de Reacht CEBC, i Rialachán (CE) Uimh. 2531/98 agus i Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1). Le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1), cinntítear go bhfuil téarmaí agus coinníollacha chóras cúlchiste íosta an Eurochórais aonfhoirmeach ar fud na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.
2. Trí chóras cúlchistí íosta an Eurochórais, saothraítear go príomha na haidhmeanna de rátaí úis an mhargaidh airgid a chobhsú agus ganntanas leachtachta struchtúrtha a chruthú (nó a mhéadú).
3. De réir Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1), tá feidhm ag córas cúlchiste íosta an Eurochórais maidir le hinstitiúidí creidmheasa:
 - (i) atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2013/36/AE; nó
 - (ii) atá díolmhaithe ón údarú sin de bhun Airteagal 2(5) de Threoir 2013/36/AE.Ina theannta sin, tá brainsí i limistéar an euro d’institiúidí creidmheasa nach bhfuil corpraithe i limistéar an euro faoi réir íoschóras cúlchiste an Eurochórais. Mar sin féin, níl brainsí a bunaíodh lasmuigh de limistéar an euro d’institiúidí creidmheasa atá corpraithe i limistéar an euro faoi réir an chórais seo.
4. De bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1), beidh na hinstitiúidí a ndearnadh a n-údarú a tharraingt siar nó a shéanadh agus na hinstitiúidí atá faoi réir imeachtaí foirceanta de bhun Threoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) díolmhaithe ó na ceanglais maidir le cúlchistí.
5. De bhun Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1), féadfaidh BCE na hinstitiúidí atá sna himthoscaí a leagtar amach i bpointí (a) go (d) de a dhíolmhú ó riachtanais cúlchiste. Áirítear le hinstitiúidí den sórt sin, inter alia, institiúidí atá faoi réir beart atheagrathaithe de bhun Threoir 2001/24/CE, institiúidí atá faoi réir ordaithe calctha arna fhorchur ag an Aontas nó ag Ballstát nó faoi réir beart arna bhforchur ag an Aontas faoi Airteagal 75 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena sriantar úsáid a gcistí; institiúidí atá faoi réir cinnidh ón Eurochóras lena gcuirtear ar fionraí nó lena n-eisiatar a rochtain ar oibríochtaí margaidh oscailte an Eurochórais nó ar shaoráidí seasmhacha agus institiúidí nach bhfuil sé iomchuí cúlchistí íosta a éileamh ina leith.
6. Tá feidhm ag na díolúintí a luaitear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1) ó thús na tréimhse cothabhála ina dtarlaíonn an teagmhas ábhartha.
7. De bhun Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1), foilsíonn BCE liosta de na hinstitiúidí atá faoi réir cheanglais an Eurochórais, maidir le cúlchiste íosta ar a shuíomh gréasáin.
8. Foilsíonn BCE freisin liosta de na hinstitiúidí atá díolmhaithe ó cheanglais cúlchistí íosta, gan na hinstitiúidí sin dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (c) d’Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1) a áireamh.

9. Cinntear bonn cúlchiste gach institiúide maidir le heilimintí dá clár comhardaithe. Tuairiscítear sonraí an chláir chomhardaithe do na BCNanna faoi chuimsiú ginearálta staitisticí airgeadaíochta agus airgeadais BCE. Ríomhann institiúidí an bonn cúlchiste i leith tréimhse chothabhála áirithe ar bhonn na sonraí a bhaineann leis an mí atá 2 mhí roimh an mí in a dtosaíonn an tréimhse chothabhála de bhun Airteagal 5(5) de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1), faoi réir na n-eisceachtaí d'earrinstitiúidí, mar atá leagtha síos in Airteagal 5(6) den Rialachán céanna.
10. Cinneann BCE na cóimheasa cúlchiste faoi réir na huasteorann a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 2531/98.
11. Ríomhtar méid na gcúlchistí íosta atá le sealbhú ag institiúidí trí úsáid a bhaint as na cóimheasa cúlchiste a leagtar amach in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1) do gach ceann de dhliteanais an bhoinn chúlchiste faoi Airteagal 5 den Rialachán sin. Ní mór do BCNanna na cúlchistí íosta a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1) a úsáid chun sealúchais na gcúlchistí íosta a íoc agus chun a mheasúnú an gcomhlíonann institiúidí an oibleagáid an méid íosta cúlchistí riachtanach a shealbhú.
12. D'fhonn an aidhm maidir le rátaí úis cobhsaí a shaothrú, le córas cúlchistí íosta an Eurochórais cuirtear ar chumas institiúidí forálacha meánaithe a úsáid, lena dtugtar le tuiscint go ndéantar comhlíonadh na gceanglas cúlchiste a chinneadh ar bhonn mheán an iarmhéid ag deireadh an lae ar chuntas chúlchiste amháin nó níos mó thar thréimhse chothabhála. Sainmhínítear an tréimhse chothabhála in Airteagal 8 de Rialachán (EU) 2021/378 (BCE/2021/1).
13. De réir Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/378 (BCE/2021/1), íoctar sealúchais cúlchistí íosta institiúidí ar an meán, thar na tréimhse chothabhála, de ráta an Eurochórais (ualaithe de réir líon na laethanta féilire) do na príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin de réir na foirmle seo a leanas (trína ndéantar an toradh a shlánú go dtí an cent is gaire):

$$R_t = \frac{H_t \cdot n_t \cdot r_t}{100 \cdot 360}$$

$$r_t = \sum_{i=1}^{n_t} \frac{MR_i}{n_t}$$

I gcás:

- R_t = luach saothair le híoc ar shealúchais cúlchistí íosta don tréimhse chothabhála t ;
- H_t = meánshealúchais laethúla de na cúlchistí íosta don tréimhse chothabhála t ;
- N_t = líon na laethanta féilire sa tréimhse chothabhála t ;
- r_t = ráta luach saothair ar shealúchais na gcúlchistí íosta don tréimhse chothabhála t ; cuirfear slánú caighdeánach an ráta luach saothair go dtí dhá dheachúil i bhfeidhm;
- i = ith lá féilire den tréimhse chothabhála t ;
- Mri = ráta úis imeallach don phríomhoibríocht athmhaoiniúcháin is déanaí arna socrú ar an lá féilire i nó roimhe sin.

Déanfar comhardú deireadh lae TARGET2 le linn tréimhse briseadh fada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó dá dtagraítear in Airteagal 187a a mheas agus an fhoirmle seo á ríomh go haisghníomhach tar éis bhriseadh TARGET2 a bheith réitithe. Déanfar an chomhardú deireadh lae, a chuirfear i bhfeidhm thar líon na laethanta den bhriseadh fada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó, a chinneadh de réir na faisnéise is fearr atá ar fáil don BCE. Íoctar aon iarmhéideanna a choinnítear sa réiteach teagmhais a úsáideadh le linn briseadh fada TARGET2 thar roinnt laethanta gnó, ionlae nó ar feadh tréimhse níos faide, ag nialas faoin gcéad.

I gcás go mainníonn institiúid oibleagáidí eile a chomhlíonadh faoi rialacháin agus cinntí BCE a bhaineann le córas cúlchiste íosta an Eurochórais (e.g. mura dtarchuirtear sonraí ábhartha in am nó mura bhfuil siad cruinn), tugtar de chumhacht do BCE smachtbhannaí a fhorchur de réir Rialachán (CE) Uimh. 2532/98, Rialachán (CE) Uimh. 2157/1999 (BCE/1999/4) agus Cinneadh (AE) 2021/1815 (BCE/2021/45).

(*) Treoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Aibreán 2001 maidir le hatheagrú agus foirceannadh institiúdí creidmheasa (IO L 125, 5.5.2001, lch. 15).”

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn VIa agus Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 2 d'Iarscríbhinn VIa:

"I. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA MAIDIR LE CÓRAIS SOCRAÍOCHTA URRÚS (SSSanna) AGUS NAISC IDIR SSSanna

1. Cinneann an tEurochóras incháilitheacht SSS arna oibriú ag taisclann lárnach urrús (TLU) arna bhunú i mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige nó banc ceannais náisiúnta (BCN) nó comhlacht poiblí mar a shonraítear in Airteagal 1(4) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) de Bhallstát a bhfuil an euro mar airgeadra aige ('oibreoir SSS' anseo feasta) ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

- (a) comhlíonann oibreoir SSS an limistéir euro na ceanglais atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014; agus
- (b) tá socruithe conarthacha iomchuí nó socruithe iomchuí eile atá ceangailteach ó thaobh dlí curtha ar bun agus á chothabháil ag BCN an Bhallstáit ina bhfeidhmíonn an SSS faoi seach le hoibreoir SSS an limistéir euro, lena n-áirítear ceanglais an Eurochórais atá leagtha síos i Roinn II.

2. Cinneann an tEurochóras incháilitheacht naisc dhírigh nó naisc athsheolta a bhaineann le SSSanna an limistéir euro amháin, ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

- (a) comhlíonann an nasc díreach nó, i gcás nasc athsheolta, na naisc dhíreacha bhunúsacha uile, na ceanglais atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014;
- (b) tá BCNanna na mBallstát ina bhfuil an SSS infheisteora, aon SSS idirghabhálaí agus an SSS eisitheora bunaithe tar éis socruithe conarthacha nó socruithe iomchuí eile atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhunú agus a chothabháil le hoibreoirí SSS an limistéir euro, lena n-áirítear ceanglais an Eurochórais atá leagtha síos i Roinn II;
- (c) meastar ag an Eurochóras go bhfuil an SSS infheisteora, aon SSS idirghabhálaí agus an SSS eisitheora atá bainteach leis an nasc incháilithe;
- (d) i gcás naisc athsheolta, meastar go bhfuil na naisc dhíreacha fholuiteacha go léir incháilithe ag an tEurochóras.

3. Sula gcinntear incháilitheacht de nasc díreach nó nasc athsheolta lena mbaineann SSS amháin nó níos mó arna oibriú ag TLU atá bunaithe i Stát den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nach bhfuil an euro mar airgeadra aige nó BCNanna nó comhlachtaí poiblí Stáit LEE nach bhfuil an euro mar airgeadra aige (anseo feasta 'SSS LEE de chuid an limistéir neamh-euro' arna oibriú ag 'oibreoir SSS LEE de chuid an limistéir neamh-euro'), déanann an tEurochóras anailís ar chásanna gnó ina gcuirtear san áireamh, inter alia, luach na sócmhainní incháilithe arna n-eisiúint ag na SSSanna sin nó á gcoinneáil sna SSSanna sin.

4. Faoi réir toraidh dhearfaigh a bheith ag an anailís ar chásanna gnó, cinneann an tEurochóras incháilitheacht nasc lena mbaineann SSSanna LEE limistéir neamh-euro ar bhonn na gcritéar seo a leanas.

- (a) Comhlíonann oibreoirí LEE an limistéir neamh-euro a oibríonn na SSSanna agus a bhfuil baint acu leis an nasc agus an nasc é féin na ceanglais atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 909/2014.
- (b) Maidir le naisc dhíreacha, tá socruithe conarthacha nó socruithe iomchuí eile atá ceangailteach ó thaobh dlí curtha ar bun agus á chothabháil ag BCN an Bhallstáit ina bhfeidhmíonn an SSS infheisteora le hoibreoir limistéir euro an SSS infheisteora. Ní mór do na socruithe conarthacha seo nó na socruithe eile atá ceangailteach ó thaobh dlí oibleagáid oibreoir SSS an limistéir euro a oibríonn na forálacha atá leagtha síos i Roinn II a chur i bhfeidhm ina shocruithe dlíthiúla le hoibreoir LEE an limistéir neamh-euro den SSS eisitheora a shonrú.

Maidir le naisc athsheolta, ní mór do gach ceann de na naisc dhíreacha fholuiteacha ina bhfeidhmíonn SSS LEE limistéir neamh-euro mar eisitheoir SSS an critéar sa chéad mhír de phointe (b) a chomhlíonadh. Maidir le nasc athsheolta, i gcás gur SSSanna LEE de limistéir neamh-euro iad an SSS idirghabhálaí agus an SSS eisitheora, ní mór do BCN an Bhallstáit ina bhfeidhmíonn an SSS infheisteora socruithe conarthacha nó socruithe eile atá ceangailteach ó thaobh dlí a bhunú agus a chothabháil le hoibreoir limistéir euro de chuid an SSS infheisteora. Ní mór na socruithe conarthacha seo nó na socruithe eile atá ceangailteach ó thaobh dlí a shonrú ní amháin oibleagáid an SSS oibreora limistéir euro na forálacha atá leagtha síos i Roinn II a chur chun feidhme ina shocruithe dlíthiúla le hoibreoir LEE limistéir neamh-euro de chuid an SSS idirghabhálaí, ach freisin oibleagáid an oibreora LEE limistéir neamh-euro de chuid an SSS idirghabhálaí na forálacha dlíthiúla a leagtar síos i Roinn II a chur chun feidhme ina shocruithe conarthacha nó ina shocruithe eile atá ceangailteach ó thaobh dlí le hoibreoir LEE limistéir neamh-euro de chuid an SSS eisitheora.

- (c) Meastar ag an Eurochóras go bhfuil gach SSS sa limistéar euro, a bhfuil baint aige leis an nasc, incháilithe.
- (d) Maidir le naisc athsheolta, measann an tEurochóras go bhfuil na naisc dhíreacha fholuiteacha go léir incháilithe.
- (e) Tá BCN an Stáit LEE limistéir neamh-euro ina bhfeidhmíonn an SSS infheisteora tiomanta d'fhaisnéis a thuirisciú ar na sócmhainní incháilithe a thrádáiltear ar mhargaí inghlactha intíre ar bhealach a chinnfidh an tEurochóras.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).:

(2) i Roinn II d'Iarscríbhinn VII scriostar mír 10.
